Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 28 Deireadh Fómhair 2022
(OR. en)

13790/22

**Comhad Idirinstitiúideach:
2017/0115(CNS)**

FISC 205
ECOFIN 1061
TRANS 658

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Treoir lena leasaítear Treoir 1999/62/CE maidir le muirir ar úsáid bonneagar bóithre a ghearradh ar fheithiclí, a mhéid a bhaineann le forálacha áirithe maidir le cánachas ar fheithiclí earraí troma<br>– Comhaontú polaitiúil |

## I. CÚLRA

1. An 31 Bealtaine 2017, d'eisigh an Coimisiún a thogra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 1999/62/CE maidir le muirir ar úsáid bonneagar áirithe a ghearradh ar fheithiclí earraí troma, a mhéid a bhaineann le forálacha áirithe maidir le cánachas feithiclí[1].

2. Thíolaic an Coimisiún an togra mar aon le togra eile chun Treoir 1999/62/CE a leasú a mhéid a bhaineann le dolaí agus muirir ar úsáideoirí[2] mar chuid den chéad phacáiste soghluaisteachta. Le chéile, is é atá i gceist leis an dá thogra sin cur i bhfeidhm an mhuirearaithe ar bhóithre a chur chun cinn i ndáil leis an achar taistil chun oibríochtaí iompair de bhóthar atá níos glaine agus níos éifeachtúla a dhreasú.

3. Bhí sé d'aidhm ag an togra maidir le dolaí agus muirir ar úsáideoirí deireadh a chur de réir a chéile le muirir ambhunaithe ('greamáin') agus an prionsabal maidir le muirearú bóithre a leathnú chun níos mó feithiclí a áireamh, bunaithe ar mhodheolaíochtaí níos simplí agus níos glaise chun na muirir ar bhóithre a ríomh.

[1] 10175/17.
[2] 9672/17.

4. Ba é cuspóir an togra maidir le cánachas feithiclí raon feidhme níos leithne a thabhairt do na Ballstáit chun cánacha feithiclí ar fheithiclí earraí troma a ísliú trí na híosrátaí cánach a leagtar síos san Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 1999/62/CE (an 'Treoir maidir le hEoraifínéad') a laghdú de réir a chéile.

5. Cé gur leasaíodh an Treoir maidir le hEoraifínéad faoi dhó roimh 2017[3], níor athraíodh na forálacha maidir le cánachas feithiclí ó glacadh an bhun-Treoir in 1999, agus tá luach na n-íosleibhéal atá san Iarscríbhinn a ghabhann léi á chreimeadh dá bharr sin.

6. Idir an dá linn, thosaigh formhór na mBallstát ar mhuirear a ghearradh ar fheithiclí earraí troma de réir an achair taistil trí dholaí a thabhairt isteach. Mar sin féin, tá sé d'oibleagáid orthu fós cánacha ar fheithiclí earraí troma a thobhach, ar cánacha iad nach léirítear leo de réir a gcineáil aon úsáid ar leith a bhaintear as bonneagar.

7. D'eisigh Coiste Eorpach na Réigiún a thuairim maidir leis an togra maidir le cánachas feithiclí an 31 Eanáir 2018[4], d'eisigh Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim an 2 Márta 2018[5] agus d'eisigh Parlaimint na hEorpa a tuairim an 4 Iúil 2018[6]. Tacaítear leis na tuairimí sin go léir le haidhm an togra ón gCoimisiún.

## II. AN OBAIR SA CHOMHAIRLE

8. I mí Mheán Fómhair 2017, faoi Uachtaránacht na hEastóine ar an gComhairle, cinneadh go gcaithfí leis an dá thogra lena leasaítear an Treoir maidir le hEoraifínéad mar phacáiste sa Mheitheal um Iompar de Thalamh. Dá bhrí sin, cuireadh an togra maidir le cánachas feithiclí i láthair sa Mheitheal sin an 23 Deireadh Fómhair 2017. Ina dhiaidh sin, cuireadh stop leis an obair ar an togra go dtí go ndéanfaí dul chun cinn ar an togra maidir le dolaí agus muirir ar bhóithre.

[3] Le Treoracha 2006/38/CE agus 2011/76/AE.
[4] Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún 'An Eoraip ag gluaiseacht: réitigh shoghluaisteachta rianúla a chur chun cinn', CDR3560/2017.
[5] Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, CESE-2017-2888.
[6] Rún reachtach an 4 Iúil 2018 ó Pharlaimint na hEorpa, maidir le togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 1999/62/CE maidir le muirir ar úsáid bonneagar áirithe a ghearradh ar fheithiclí earraí troma, a mhéid a bhaineann le forálacha áirithe maidir le cánachas feithiclí, P8_TA(2018)0289.

9. Idir an dá linn, tugadh chun cinn sna cruinnithe tríthaobhacha an plé ar an togra maidir le dolaí agus muirir ar bhóithre. In 2021, dhearbhaigh Coiste na mBuanionadaithe agus Coiste Pharlaimint na hEorpa um Iompar agus um Thurasóireacht (TRAN) an comhaontú ar thángthas air sna cruinnithe tríthaobhacha agus, an 17 Eanáir 2022, d'fhormheas Parlaimint na hEorpa an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh gan aon leasú a dhéanamh air. Foilsíodh an gníomh ina dhiaidh sin san Iris Oifigiúil an 4 Márta 2022[7].

10. Ós rud é gur glacadh an togra maidir le muirir ar bhóithre agus go raibh an togra maidir le cánachas ar fheithiclí earraí troma fós á phlé, chinn Uachtaránacht na Seicia tús a chur an athuair leis an bplé ar an togra sa Mheitheal um Cheisteanna Cánach (WPTQ), agus bunús dlí an togra (Airteagal 113 CFAE) agus príomhábhar an togra (cánachas) á chur san áireamh. D'eagraigh an Uachtaránacht cruinnithe den Mheitheal um Cheisteanna Cánach maidir leis an togra an 15 Meán Fómhair agus an 7 Deireadh Fómhair 2022.

11. Sa chéad chruinniú, thíolaic an Coimisiún a thogra, agus é á leagan amach i gcomhthéacs an chéad Phacáiste Soghluaisteachta. Is í an treoir atá á plé an t-aon chuid nár glacadh go fóill. Mhínigh an Coimisiún go n-áirithítear le hionstraimí sa phacáiste a glacadh in 2020 go gcoisctear athchlárú trasteorann feithiclí de bharr cánach: an treoir maidir le tiománaithe a phostú[8], an rialachán maidir le ham tiomána[9], tréimhsí scíthe agus tacagraif agus an rialachán maidir le rochtain ar mhargadh tarlaithe de bhóthar an Aontais[10].

---

**7** IO L 69, 4.3.2022, lch. 1.
**8** Treoir (AE) 2020/1057 lena leagtar síos rialacha sonracha i dtaca le Treoracha 96/71/CE agus 2014/67/AE maidir le tiománaithe a phostú in earnáil an iompair de bhóthar agus lena leasaítear Treoir 2006/22/CE maidir le ceanglais forfheidhmithe agus Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012, IO L 249, 31.7.2020, lch. 49.
**9** Rialachán (AE) 2020/1054 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2020 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 a mhéid a bhaineann le riachtanais íosta maidir le huastréimhsí tiomána laethúla agus seachtainiúla, íos-sosanna agus tréimhsí scíthe laethúla agus seachtainiúla, agus Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 a mhéid a bhaineann le suíomh trí bhíthin tacagraf, IO L 249, 31.7.2020, lch. 1.
**10** Rialachán (AE) 2020/1055 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2020 lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1071/2009, (CE) Uimh. 1072/2009 agus (AE) Uimh. 1024/2012 d'fhonn iad a oiriúnú d'fhorbairtí in earnáil an iompair de bhóthar, IO L 249, 31.7.2020, lch. 17.

12. Sa dara cruinniú, chuir an Coimisiún figiúirí nuashonraithe ar fáil maidir leis an margadh lasta de bhóthar agus míniúcháin ar na bearta a rinneadh chun deireadh a chur le cleachtais ghnó aindleathacha trína áirithiú go bhfuil oibreoirí iompair bunaithe go hiarbhír sa Bhallstát ina ndéanann siad an chuid is mó dá ngníomhaíochtaí. Léirítear sna figiúirí a cuireadh i láthair go mbeadh tionchar íosta ar na dreasachtaí atá ann do chuideachtaí trucailí athlonnú dá ndéanfaí na híosrátaí le haghaidh cánachas ar fheithiclí earraí troma a ísliú, rud a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do bhoinn chánach na mBallstát.

13. Thairis sin, thíolaic Uachtaránacht na Seicia téacs comhréitigh, a n-áirítear ar a phríomhghnéithe an fhéidearthacht na rátaí íosta a ísliú go nialas ó theacht i bhfeidhm na Treorach (gan aird a thabhairt ar an laghdú de réir a chéile a mhol an Coimisiún) agus aithris chun na Ballstáit a chur ar a suaimhneas go mbeidh lánrogha leordhóthanach ag na Ballstáit, de bharr ísliú na n-íosrátaí, a rátaí cánachais ar fheithiclí earraí troma atá ann cheana a choinneáil.

14. Ba dhíol sásaimh d'fhormhór na mBallstát an téacs comhréitigh ón Uachtaránacht agus gur díríodh ann ar an méid solúbthachta ab fhéidir a áirithiú agus thacaigh siad leis an méid sin. Chuir roinnt Ballstát in iúl go raibh imní orthu maidir le tús a chur le cur i bhfeidhm na Treorach agus maidir lena hailíniú leis an gConradh maidir le hEoraifinéad, maidir leis an ngá atá le hIarscríbhinn I a choinneáil dá ndéanfaí rátaí a ísliú go nialas, agus maidir le tionchar buiséadach a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar an mbrú atá ann rátaí náisiúnta a ísliú nuair a íslíonn Ballstáit eile a gcuid rátaí féin.

15. Dá bhrí sin, ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal um Cheisteanna Cánach (Ardleibhéal), chuir an Uachtaránacht téacs comhréitigh athbhreithnithe ar aghaidh agus é mar aidhm aige na hábhair imní a bhí ag na toscaireachtaí a chur san áireamh. Go háirithe, cuireadh siar an teacht i bhfeidhm agus cuireadh clásal athbhreithnithe isteach. In ainneoin na tacaíochta forleithne a cuireadh in iúl ag an gcruinniú don téacs sin, bhí roinnt toscaireachtaí ann nach raibh in ann a bhforchoimeádais a tharraingt siar fós.

16. Mar fhreagairt ar na hábhair imní a cuireadh in iúl, chinn an Uachtaránacht dáta chur i bhfeidhm na Treorach a leasú agus é a chur siar go dtí an 1 Eanáir 2026 sa téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo.

## III. AN BEALACH CHUN CINN

17. I bhfianaise an mhéid sin, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe na nithe seo a leanas a dhéanamh:

   – teacht ar chomhaontú faoin téacs san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo;

   – a mholadh don Chomhairle teacht ar chomhaontú polaitiúil maidir leis an dréacht-Treoir ar bhonn an téacs comhréitigh ón Uachtaránacht atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo.

2017/0115 (CNS)

Dréacht

**TREOIR ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Treoir 1999/62/CE maidir le muirir ar úsáid bonneagar bóithre a ghearradh ar fheithiclí, a mhéid a bhaineann le forálacha áirithe maidir le cánachas ar fheithiclí earraí troma**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 113 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa[11],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[12],

Ag gníomhú di i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sa Pháipéar Bán uaidh an 28 Márta 2011[13], leag an Coimisiún amach sprioc dul i dtreo chur i bhfeidhm iomlán na bprionsabal ʽgurb é údar an truaillithe a íocfaidh as' agus ʽgurb é an t-úsáideoir a íocfaidh as', ar mhaithe le hioncam a ghiniúint agus maoiniú a áirithiú le haghaidh infheistíochtaí iompair amach anseo.

(2) De réir cineáil, is ionann cánacha bliantúla ar fheithiclí earraí troma agus íocaíochtaí gan chomaoin a bhaineann leis an bhfeithicil a bheith cláraithe thar ceann an cháiníocóra le linn tréimhse áirithe agus, dá bhrí sin, ní léiríonn siad aon úsáid ar leith a bhaintear as bonneagar. Ar chúiseanna comhchosúla, níl cánacha ar fheithiclí earraí troma éifeachtach ó thaobh oibríochtaí níos glaine agus níos éifeachtúla a dhreasú, ná brú tráchta a laghdú.

---

**11** IO C […], […], p. […].
**12** IO C […], […], p. […].
**13** Páipéar Bán an 28 Márta 2011 dar teideal *Roadmap to a Single European Transport Area – Towards a competitive and resource efficient transport system* [Treochlár maidir le Limistéar Iompair Eorpach Aonair – I dtreo córas iompair atá iomaíoch agus tíosach ar acmhainní] (COM(2011) 144 final).

(3) Is fearr i bhfad na dolaí chun na cuspóirí sin a bhaint amach ós rud é go bhfuil siad nasctha go díreach le húsáid ar bhóithre. I gcomhréir le hAirteagal 7k de Threoir 1999/62/CE, féadfaidh na Ballstáit sin a thugann isteach na dolaí cúiteamh iomchuí a sholáthar do na tarlóirí náisiúnta.

(4) Is ionann cur i bhfeidhm cánacha ar fheithiclí earraí troma agus costas nach mór don tionscal go dtí seo a íoc in aon chás, fiú dá mbeadh dolaí le tobhach ag na Ballstáit. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh cánacha ar fheithiclí earraí troma a bheith ina mbac ar dholaí a thabhairt isteach.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart raon feidhme níos leithne a thabhairt do na Ballstáit na cánacha ar fheithiclí earraí troma a ísliú, eadhon trí na híosrátaí cánach uile a leagtar amach i dTreoir 1999/62/CE a laghdú go 0 EUR. Gan dochar don fhéidearthacht sin, ba cheart go mbeadh na Ballstáit in ann cánacha reatha ar fheithiclí a fhorchuirtear ar fheithiclí earraí troma a choinneáil i bhfeidhm, cáin eile den chineál céanna a chur in ionad cánacha den sórt sin nó deireadh a chur le cánacha den sórt sin agus iad a thabhairt isteach an athuair ina dhiaidh sin.

(6) Ní dhéanann an laghdú ar na híosrátaí cánach uile a leagtar amach i dTreoir 1999/62/CE go 0 EUR difear don fhéidearthacht atá ag na Ballstáit na rátaí laghdaithe nó na díolúintí a deonaíodh roimh ghlacadh na Treorach seo d'aon fheithicil earraí troma a choinneáil ar bun.

(7) I bhfianaise a thábhachtaí atá sé feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh faoin 1 Eanáir 2030 ar laghdú na n-íosrátaí cánach uile a leagtar amach i dTreoir 1999/62/CE.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart Treoir 1999/62/CE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Treoir 1999/62/CE mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Chaibidil II:

'Cánachas ar fheithiclí earraí troma';

(2) Leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

**(a)** [...] leasaítear mír 1 **<u>mar a leanas:</u>**

**<u>(i)</u>** [...] cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

'1. Is iad seo a leanas na cánacha feithicle a fhorchuirtear ar fheithiclí earraí troma dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 1';

**<u>(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na fleisce le haghaidh na Cróite:</u>**

**<u>'— *An Chróit*:</u>**

**<u>godišnja naknada za uporabu javnih cesta koja se plaća pri registraciji motornih i priključnih vozila, posebna naknada za okoliš na vozila na motorni pogon,';</u>**

**<u>(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na fleisce le haghaidh na Slóvaice:</u>**

**<u>'— *An tSlóvaic*:</u>**

**<u>cestná daň, daň z motorových vozidiel,';</u>**

**<u>(iv) scriostar an fhleisc le haghaidh na Ríochta Aontaithe;</u>**

(b) cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 2:

'2. Maidir leis na Ballstáit sin a chuireann cáin eile den chineál céanna in ionad aon chánach a liostaítear i mír l nó a chuireann deireadh le cáin a liostaítear i mír l agus a thugann isteach cáin den chineál céanna ina dhiaidh sin, tabharfaidh siad fógra don Choimisiún, agus déanfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach a thíolacadh chun Airteagal 3(1) a thabhairt cothrom le dáta.';

(c) cuirtear isteach an mhír a leanas:

'3. Beag beann ar struchtúr na gcánacha dá dtagraítear thuas, féadfaidh na Ballstáit na rátaí don cháin sin a shocrú do gach catagóir nó fochatagóir feithicle dá dtagraítear in Iarscríbhinn I i gcomhréir leis an íosmhéid a leagtar síos in Iarscríbhinn I';

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6:

'*Airteagal 6*

1. Faoin 1 Eanáir 2030, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar chur chun feidhme agus ar thionchar fhorálacha na Treorach seo a bhaineann le cánachas ar fheithiclí earraí troma. Díreofar sa mheasúnú sin ar an anailís ar thionchar na bhforálacha sin ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh.

2. Bunaithe ar an measúnú sin, tíolacfaidh an Coimisiún togra reachtach, i gcás inarb iomchuí, chun forálacha ábhartha na Treorach seo a leasú dá réir.' [...]

(4) cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 9, pointe (c) in Airteagal 7:

'(c) aon fheithicil a chumhdaítear leis na coinníollacha thíos:

(i) go n-úsáidtear í chun críoch cosanta náisiúnta nó sibhialta, ag seirbhísí dóiteáin agus seirbhísí éigeandála eile agus ag na póilíní, nó go n-úsáidtear í chun bóithre a chothabháil, nó;

(ii) nach dtéann an fheithicil ach go hócáideach ar bhóithre poiblí an Bhallstáit chlárúcháin agus go n-úsáideann daoine nádúrtha nó dlítheanacha í nach é iompar earraí a bpríomhghairm bheatha, ar choinníoll nach mbeidh na hoibríochtaí iompair a dhéanann an fheithicil sin ina gcúis le saobhadh ar an iomaíocht, agus faoi réir chomhaontú an Choimisiúin, nó;

(iii) go bhfuil sí in úsáid nó ar úinéireacht ag daoine faoi mhíchumas; agus';

(5) Cuirtear an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo in ionad Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 1999/62/CE.

*Airteagal 2*

1. Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a thabhairt i bhfeidhm faoin [...] **31 Nollaig 2025**. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

   Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an tslí le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

3. Cuirfidh na Ballstáit an Treoir seo i bhfeidhm ón [...] **1 Eanáir 2026**.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 4*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

**IARSCRÍBHINN**

‘IARSCRÍBHINN I

ÍOSRÁTAÍ CÁNACH LE CUR I BHFEIDHM AR FHEITHICLÍ EARRAÍ TROMA

| Mótarfheithiclí | | | |
|---|---|---|---|
| Líon acastóirí agus oll-uasmheáchan ualaithe incheadaithe (i dtonaí) | | An t-íosráta cánach (in euro/i mbliain) | |
| Nach lú ná | Ar lú ná | Acastóir(í) tiomána le haerchrochadh nó coibhéis aitheanta[14] | Córais acastóra nó acastóirí tiomána aerchrochta eile |
| Dhá acastóir | | | |
| 12 | 13 | 0 | 0 |
| 13 | 14 | 0 | 0 |
| 14 | 15 | 0 | 0 |
| 15 | 18 | 0 | 0 |
| Trí acastóir | | | |
| 15 | 17 | 0 | 0 |
| 17 | 19 | 0 | 0 |
| 19 | 21 | 0 | 0 |
| 21 | 23 | 0 | 0 |
| 23 | 25 | 0 | 0 |
| 25 | 26 | 0 | 0 |

[14] Crochadh a aithnítear a bheith coibhéiseach i gcomhréir leis an sainmhíniú in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 96/53/CE ón gComhairle an 25 Iúil 1996 lena leagtar síos toisí údaraithe uasta sa trácht náisiúnta agus idirnáisiúnta agus na meáchan údaraithe uasta sa trácht idirnáisiúnta le haghaidh feithiclí áirithe bóthair ag gluaiseacht laistigh den Chomhphobal (IO L 235, 17.9.1996, lch. 59).

| Ceithre acastóir | | | |
|---|---|---|---|
| 23 | 25 | 0 | 0 |
| 25 | 27 | 0 | 0 |
| 27 | 29 | 0 | 0 |
| 29 | 31 | 0 | 0 |
| 31 | 32 | 0 | 0 |

| FEITHICLÍ LEANTÓIRCHÚPLÁILTE (FEITHICLÍ ALTACHA AGUS TRAENACHA BÓTHAIR) | | | |
|---|---|---|---|
| Líon acastóirí agus oll-uasmheáchan ualaithe incheadaithe<br>(i dtonaí) | | An t-íosráta cánach<br>(in euro/i mbliain) | |
| Nach lú ná | Ar lú ná | Acastóir(í) tiomána le haerchrochadh nó coibhéis aitheanta[15] | Córais acastóra nó acastóirí tiomána aerchrochta eile |

[15] Crochadh a aithnítear a bheith coibhéiseach i gcomhréir leis an sainmhíniú in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 96/53/CE ón gComhairle an 25 Iúil 1996 lena leagtar síos toisí údaraithe uasta sa trácht náisiúnta agus idirnáisiúnta agus na meáchan údaraithe uasta sa trácht idirnáisiúnta le haghaidh feithiclí áirithe bóthair ag gluaiseacht laistigh den Chomhphobal (IO L 235, 17.9.1996, lch. 59).

| | | | |
|---|---|---|---|
| 2 + 1 acastóir | | | |
| 12 | 14 | 0 | 0 |
| 14 | 16 | 0 | 0 |
| 16 | 18 | 0 | 0 |
| 18 | 20 | 0 | 0 |
| 20 | 22 | 0 | 0 |
| 22 | 23 | 0 | 0 |
| 23 | 25 | 0 | 0 |
| 25 | 28 | 0 | 0 |
| 2 + 2 acastóir | | | |
| 23 | 25 | 0 | 0 |
| 25 | 26 | 0 | 0 |
| 26 | 28 | 0 | 0 |
| 28 | 29 | 0 | 0 |
| 29 | 31 | 0 | 0 |
| 31 | 33 | 0 | 0 |
| 33 | 36 | 0 | 0 |
| 36 | 38 | 0 | 0 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 2 + 3 acastóir | | | |
| 36 | 38 | 0 | 0 |
| 38 | 40 | 0 | 0 |
| 3 + 2 acastóir | | | |
| 36 | 38 | 0 | 0 |
| 38 | 40 | 0 | 0 |
| 40 | 44 | 0 | 0 |
| 3 + 3 acastóir | | | |
| 36 | 38 | 0 | 0 |
| 38 | 40 | 0 | 0 |
| 40 | 44 | 0 | 0 |

’